**Cás C-417/23**

**Slagelse Almennyttige Boligselskab Afdeling Schackenborgvænge agus páirtithe eile**

(Iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret – Nordhavn (an Danmhairg))

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 18 Nollaig 2025**

(Tarchur chun réamhrialú – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43/CE – Coincheapa maidir le 'tionscamh eitneach', 'idirdhealú díreach' agus 'idirdhealú indíreach' – Reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe áirithe a laghdú – Sainaithint na limistéar sin de réir chion na 'n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' – Réasúnú – Comhtháthú sóisialta agus lánpháirtiú – Beartas tithíochta – Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Ceart chun áit chónaithe a urramú – Comhréireacht)

1. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Raon feidhme – Tithíocht phoiblí a sholáthar mar mhalairt ar chíos faoi bhun phraghas an mhargaidh – Cuimsiú*
*(Airteagal 57 CFAE; Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 21; Treoir 2006/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 4(1); Treoir 2000/43 ón gComhairle, Airteagal 3(1)(h))*

(féach míreanna 53 go 59, 63)

2. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Idirdhealú bunaithe ar thionscnamh eitneach – Tionscnamh eitneach – Coincheap – Sainiú ar bhonn teaglaim critéar*
*(An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 21; Treoir 2000/43 ón gComhairle)*

(féach míreanna 72, 73, 81 go 86)

3. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Beart náisiúnta as a n-eascraíonn idirdhealú díreach – Coincheap – Reachtaíocht náisiúnta lena*

*gceanglaítear pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe a laghdú, arb é is príomhthréith dóibh cion na n-inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh atá ina gcónaí iontu níos mó ná 50 % – Cuimsiú – Coinníollacha – Reachtaíocht atá bunaithe ar thionscnamh eitneach fhormhór áitritheoirí na limistéar cónaithe sin – Cóir níos mífhabhraí d'áitritheoirí na limistéar sin i gcomparáid le háitritheoirí limistéar atá inchomparáide ó thaobh na socheacnamaíochta de ach nach bhfuil an tsaintréith sin acu*
*(Treoir 2000/43 ón gComhairle, Airteagal 2(2)(a))*

(féach míreanna 99 go 100, 105 go 108, 128 go 129, an chuid oibríochtúil 1)

4. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Raon feidhme – Idirdhealú in aghaidh grúpa eitneach amháin nó níos mó a chomhrac*
*(Treoir 2000/43 ón gComhairle)*

(féach míreanna 101, 102, 104)

5. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Beart náisiúnta as a n-eascraíonn idirdhealú díreach – Critéir – Cóir níos mífhabhraí – Cás inchomparáide – Reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha chun céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe a laghdú, arb é is príomhthréith dóibh cion na n-inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh atá ina gcónaí iontu níos mó ná 50 % – Easpa oibleagáide den sórt sin i ndáil le limistéir atá inchomparáide ó thaobh na socheacnamaíochta de ach nach bhfuil an tsaintréith sin acu – Baol méadaithe go bhfoirceannfar léasanna go luath do chónaitheoirí na chéad chatagóire limistéir – Riosca nach bhfuil ar chónaitheoirí an dara catagóir limistéir – Riosca a d'fhéadfadh a bheith ina chóir nach bhfuil chomh fabhrach céanna*
*(Treoir 2000/43 ón gComhairle, Airteagal 2(2)(a))*

(féach míreanna 113, 117, 120, 123)

6. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Beart náisiúnta as a n-eascraíonn idirdhealú indíreach – Foráil, critéar nó cleachtas atá neodrach go follasach lena gcuirtear daoine faoi mhíbhuntáiste ar leith – Coincheap – Measúnú arna dhéanamh ag an gcúirt náisiúnta – Foráil, critéar nó cleachtas lena bhféadfaí roinnt grúpaí eitneacha a chur faoi mhíbhuntáiste – Cuimsiú*
*(Treoir 2000/43 ón gComhairle, Airteagal 2(2)(b))*

(féach míreanna 134 go 137, 139, 140)

7. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Beart náisiúnta as a n-eascraíonn idirdhealú indíreach – Coincheap – Reachtaíocht náisiúnta lena*

*gceanglaítear pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe a laghdú, arb é is príomhthréith dóibh cion na n-inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh atá ina gcónaí iontu níos mó ná 50 % – Cuimsiú – Coinníollacha – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear daoine ó ghrúpaí eitneacha áirithe faoi mhíbhuntáiste ar leith – Reachtaíocht náisiúnta nach gcomhlíonann prionsabal na comhréireachta chun an cuspóir sáraitheach ar mhaithe le leas an phobail atá á shaothrú a bhaint amach – Measúnú arna dhéanamh ag an gcúirt náisiúnta*
*(Treoir 2000/43 ón gComhairle, Airteagal 2(2)(b))*

(féach míreanna 144 go 165, 168 go 170, 173 go 175, an chuid oibríochtúil 2)

8. *Dlí an Aontais Eorpaigh – Prionsabail – Cóir chomhionann – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43 – Beart náisiúnta as a n-eascraíonn idirdhealú indíreach – Bonn cirt bunaithe ar aidhmeanna dlisteanacha a shaothrú – Cuspóir an chomhtháthaithe shóisialta agus an lánpháirtithe shóisialta – Inghlacthacht – Coinníoll – Beart iomchuí agus riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach – Measúnú arna dhéanamh ag an gcúirt náisiúnta*
*(Treoir 2000/43 ón gComhairle, Airteagal 2(2)(b))*

(féach míreanna 149, 150, 156, 159 go 163)

**Résumé**

Maidir le tarchur chun réamhrialú ón Østre Landsret (Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge), soiléiríonn an Chúirt Bhreithiúnais, ina suí di mar Mhór-Dhlísheomra, coincheap an 'tionscnamh eitneach' i dTreoir 2000/43,[1] agus soiléiríonn sí na coincheapa 'idirdhealú díreach' agus 'idirdhealú indíreach' ar fhoras tionscnaimh eitnigh.[2]

Baineann na díospóidí sna príomhimeachtaí le comhlachais tithíochta poiblí na Danmhairge nó leis an Aireacht atá freagrach as tithíocht[3] agus tionóntaí aonad tithíochta teaghlaigh poiblí, agus baineann siad le reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos oibleagáid pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha chun céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí a laghdú i 'limistéir chlaochlaithe', mar a thugtar orthu.

[1] Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO 2000 L 180, lch. 22).

[2] Le hAirteagal 2(1) den Treoir sin, léirítear go sonrach prionsabal na córa comhionainne sa chiall nach bhfuil aon idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach le déanamh.

[3] An Social-, Bolig- og Ældreministeriet (an Aireacht Gnóthaí Sóisialta, Tithíochta agus Daoine Scothaosta, an Danmhairg).

Rinneadh na limistéir chónaithe ina bhfuil cónaí ar na tionóntaí sin, eadhon Ringparken, atá lonnaithe i mbardas Slagelse (an Danmhairg), agus Mjølnerparken, atá lonnaithe i mbardas Chóbanhávan (an Danmhairg), a aicmiú mar 'limistéir chlaochlaithe' de réir bhrí Dhlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí[4], ar bhonn critéir shocheacnamaíocha agus ós rud é gur 'inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad[5] agus a sliochtaigh' iad níos mó ná 50 % de chónaitheoirí na limistéar cónaithe sin de réir bhrí an Dlí sin.

I gcomhréir le forálacha an Dlí sin, tarraingíodh suas pleananna forbartha do na limistéir chónaithe sin idir na léasóirí poiblí agus na bardais lena mbaineann, chun cion na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí a laghdú go 40 % den tithíocht uile sna limistéir chónaithe sin. D'fhormheas na húdaráis inniúla na pleananna forbartha sin.

A mhéid a bhaineann le Ringparken, chinn an comhlachas tithíochta poiblí Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge ('SAB'), atá freagrach as bainistiú Schackenborgvænge, eastát tithíochta sa limistéar sin, 136 aonad tithíochta teaghlaigh phoiblí a aistriú chuig ceannaitheoir príobháideach. Ina dhiaidh sin, chuir SAB deireadh le 17 léas le haghaidh aonaid tithíochta san eastát tithíochta sin toisc nár chomhlíon na tionóntaí na coinníollacha maidir le háitíocht leanúnach arna bhformheas ag an mbardas. Ós rud é gur chuir na tionóntaí, ar rugadh cuid acu i 'dtír nach tír de chuid an Iarthair í' nó ar náisiúnaigh de thír den sórt sin iad de réir bhrí an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, i gcoinne fhoirceannadh a léasa, thionscain SAB caingean chun dearbhú a fháil go raibh foirceannadh na léasanna sin dleathach.

A mhéid a bhaineann le Mjølnerparken, rinne an léasóir poiblí a bhainistíonn eastát tithíochta sa limistéar cónaithe sin comhaontú maidir le bloic áirithe den eastát tithíochta sin a dhíol. Thionscain roinnt tionóntaí atá ina gcónaí sna bloic sin, ar rugadh cuid acu i 'dtíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad', de réir bhrí an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, caingean ag iarraidh dearbhú go raibh formheas an phlean forbartha don limistéar cónaithe sin ag an Aireacht atá freagrach as tithíocht neamhbhailí.

Fiafraíonn Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge, arb í an chúirt a rinne an tarchur í, an ionann reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos oibleagáid pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha chun céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe a laghdú, arb é is saintréith di, *inter alia*, gur sháraigh cion na 'n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' a bhfuil cónaí orthu ann 50 %, agus idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar thionscnamh eitneach, de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/43 le 5 bliana anuas.

*Measúnú na Cúirte*

Tar éis a shoiléiriú go dtagann na díospóidí sna príomhimeachtaí, a mhéid a bhaineann siad le córas tithíochta teaghlaigh poiblí na Danmhairge, faoi raon feidhme ábhartha Threoir 2000/43, scrúdaíonn an Chúirt, sa chéad áit, an bhféadfadh úsáid an chritéir a bhaineann le 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' a bheith ina n-idirdhealú díreach ar fhorais tionscnaimh eitnigh, de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43.

[4] Lovbekendtgørelse nr. 1877 om almene boliger m.v. (Almenboligloven) (Dlí Comhdhlúite Uimh. 1877 maidir le tithíocht phoiblí, *inter alia* (an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí)) an 27 Meán Fómhair 2021 ('an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí')

[5] Leis an gcoincheap 'tír nach tír de chuid an Iarthair í', a d'fhorbair Danmarks Statistik (Oifig Staidrimh na Danmhairge), áirítear gach tír seachas Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, an Iorua, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, San Mairíne, an Eilvéis, Stát Chathair na Vatacáine, Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus an Nua-Shéalainn.

Chun é sin a dhéanamh, léiríonn sé ar dtús an coincheap 'tionscnamh eitneach', nach mór, in éagmais sainmhíniú i dTreoir 2000/43, a shainiú ar bhonn meascán critéar, amhail náisiúntacht choiteann, creideamh reiligiúnach, teanga, bunús agus cúlraí cultúrtha agus traidisiúnta.

Chuige sin, leis an gcomhthéacs ina bhfuil an coincheap 'tionscnamh eitneach' de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir 2000/43,[6] is féidir soiléiriú a fháil maidir le léiriú an choincheapa sin. Dá réir sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine[7] agus ó fhoclaíocht Airteagal 1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú,[8] gur cineál idirdhealaithe chiníoch é idirdhealú atá bunaithe ar thionscnamh eitneach duine.

Thairis sin, cé nach leor critéar náisiúntachta duine ná critéar a thíre breithe, ann féin, chun údar a thabhairt le toimhde go mbaineann duine le grúpa eitneach ar leith, féadfar an dá chritéar sin a chur san áireamh, in éineacht le tosca eile, chun teacht ar an gconclúid go mbaineann duine le grúpa eitneach.

Léiríonn an Chúirt ansin coincheap an 'idirdhealaithe dhírigh' bunaithe ar thionscnamh eitneach de réir bhrí Threoir 2000/43.[9]

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire gur cosúil go bhfuil an difríocht sa chóir a bhunaítear idir limistéir chlaochlaithe, atá faoi réir plean forbartha atá ceaptha chun céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí a laghdú, agus limistéir 'leochaileacha' de réir bhrí an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, nach bhfuil faoi réir ceanglas den sórt sin, cé go bhfuil staid shocheacnamaíoch fhadhbach acu freisin, ach nach mó ná 50 % cion na 'n-inimirceach ó thíortha nach tíortha an iarthair iad agus a sliochtaigh' a bhfuil cónaí orthu ann, bunaithe go príomha ar an gcritéar deireanach sin.

Ós rud é go bhforáiltear don chritéar sin le dlí na Danmhairge, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh, sa chéad chéim, an mbunaíonn sí difríocht sa chóir atá bunaithe ar thionscnamh eitneach.

Chuige sin, sonraíonn an Chúirt, de réir na reachtaíochta atá i gceist, go bhfuil na coincheapa 'inimirceach' agus 'sliochtach' bunaithe ar mheascán casta critéar a bhaineann le tír bhreithe an duine lena mbaineann nó tír bhreithe agus náisiúntacht a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí,[10] nach leor iad, ina n-aonar, chun eitneacht duine a shuí. Luaitear ann go bhféadfaí a mheas go bhfuil critéar ginearálta amhail an critéar atá i gceist bunaithe ar thionscnamh eitneach na ndaoine lena mbaineann fiú dá bhféadfadh sé roinnt bunadh eitneach a chumhdach. D'fhágfadh léiriú contrártha go mbeadh Treoir 2000/43 neamhéifeachtach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh

6 Léirítear go sonrach sa Treoir sin, ina raon feidhme, prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais cine agus tionscnaimh eitnigh a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Tá Airteagal 21(1) den Chairt bunaithe, *inter alia*, ar Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR') agus, a mhéid atá sé i gcomhthráth le ECHR, tá feidhm aige i gcomhréir leis an Airteagal sin.

7 An cásdlí a bhaineann le hAirteagal 14 ECHR.

8 Luaitear in aithris 3 de Threoir 2000/43 gur ceart uilíoch é an ceart chun comhionannais os comhair an dlí agus chun cosanta ar idirdhealú do gach duine a aithnítear, *inter alia*, leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, a glacadh an 21 Nollaig 1965.

9 Sonraítear in Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43, chun críocha mhír 1 den Airteagal sin a chur i bhfeidhm, nach mór idirdhealú díreach a dhéanamh i gcás ina gcaitear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a chaitear, mar a caitheadh nó mar a chaithfí le duine eile i gcás inchomparáide ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh.

10 De réir na cúirte a rinne an tarchur, sainmhíníonn Oifig Staidrimh na Danmhairge 'inimirceach' mar dhuine a rugadh thar lear agus níor rugadh ceachtar dá thuismitheoirí sa Danmhairg agus náisiúnach de chuid na Danmhairge araon. Tagraíonn an coincheap 'sliochtach' do dhuine a rugadh sa Danmhairg ach nár rugadh ceachtar dá thuismitheoirí sa Danmhairg agus náisiúnach de chuid na Danmhairge araon, nó a bhfuil náisiúntacht eachtrach ag a thuismitheoirí freisin, fiú má rugadh sa Danmhairg iad agus má fuair siad náisiúntacht de chuid na Danmhairge.

faisnéis ábhartha a bheith sna doiciméid ullmhúcháin a bhfuil an critéar sin mar chuid dá reachtaíocht chun a chinneadh an mbunaítear leis an reachtaíocht sin difríocht sa chóir ar fhoras tionscnaimh eitnigh. De réir chásdlí na Cúirte, chun idirdhealú díreach [11] a bheith ann is leor gur cinneadh difríocht sa chóir a thabhairt isteach le breithniú a bhaineann le tionscnamh eitneach. Ar deireadh, ós rud é go n-áirítear ar chónaitheoirí na limistéar claochlaithe freisin daoine nach 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad', ní chuireann sé sin cosc ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist a mheas mar reachtaíocht a glacadh ar bhonn tionscnamh eitneach.

Leis an dara céim, ní mór don chúirt a rinne an tarchur a fháil amach an bhfuil sé d'éifeacht ag an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí go gcaitear le daoine áirithe le níos lú fabhair ná mar a chaitear le daoine eile i gcás inchomparáide.

I ndáil leis sin, is cosúil go bhfuil baol méadaithe ann go bhfoirceannfar a léas go luath do chónaitheoirí limistéar claochlaithe, mar thoradh ar phlean forbartha a ghlacadh do na limistéir sin, a d'fhéadfadh a gceart bunúsach chun áit chónaithe a urramú a shárú, [12] cé nach bhfuil cónaitheoirí limistéar leochaileach neamhchosanta ar riosca den sórt sin, cé go ndealraíonn sé, a mhéid a bhaineann lena léas, go bhfuil siad i staid inchomparáide.

Sa dara háit, má chinneann an chúirt a rinne an tarchur nach idirdhealú díreach í an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, beidh uirthi fós scrúdú a dhéanamh an ann d'idirdhealú indíreach de réir bhrí Threoir 2000/43. [13]

Chuige sin, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur scrúdú a dhéanamh ar dtús an gcuireann an reachtaíocht sin [14] daoine a bhaineann le grúpaí eitneacha áirithe faoi mhíbhuntáiste ar leith.

Sonraíonn an Chúirt nach gá go bhfágfadh na forálacha atá i gceist go gcuirfí daoine de bhunadh eitneach ar leith faoi mhíbhuntáiste. Bheadh sé deacair léiriú contrártha a réiteach le cuspóirí Threoir 2000/43, nach féidir a raon feidhme a theorannú d'idirdhealú in aghaidh grúpa eitneach aonair a chomhrac.

Ina dhiaidh sin, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh an bhfuil údar oibiachtúil leis an reachtaíocht mar gheall ar aidhm dhlisteanach agus an bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.

Maidir leis na cuspóirí atá á saothrú, tá sé beartaithe leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, de réir Rialtas na Danmhairge, réiteach a fháil ar fhadhbanna a bhaineann le 'cumainn chomhthreomhara' a chruthú atá tagtha chun cinn i gcóras tithíochta poiblí na Danmhairge agus comhtháthú rathúil a áirithiú.

[11] De réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43.

[12] Is ceart bunúsach é sin a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt, ina bhfuil cearta a fhreagraíonn do na cearta a ráthaítear le hAirteagal 8(1) ECHR. Is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine gurb é cailliúint áit chónaithe duine an cineál cur isteach is tromchúisí ar an gceart go n-urramófaí an áit chónaithe.

[13] Faoi Airteagal 2(2)(b) de Threoir 2000/43, glactar leis go dtarlaíonn idirdhealú indíreach i gcás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine de thionscnamh ciníoch nó eitneach faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile, mura rud é go bhfuil údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin ar mhaithe le haidhm dhlisteanach agus go bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.

[14] In ainneoin gur cosúil go ndearnadh iad a fhoirmliú nó a chur i bhfeidhm ar bhealach neodrach, ag féachaint do thosca seachas tosca tionscnaimh eitnigh.

De réir chásdlí na Cúirte, d'fhéadfadh an cuspóir maidir le lánpháirtiú rathúil náisiúnach tríú tír a áirithiú a bheith ina chúis sháraitheach ar mhaithe le leas an phobail, ós rud é gur príomhthoisc é lánpháirtiú na náisiúnach sin chun comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn, ar cuspóir bunúsach de chuid an Aontais é a luaitear i gConradh FAE. Tá lánrogha leathan ag na Ballstáit, i bprionsabal, maidir le bearta a ghlacadh chun comhtháthú agus lánpháirtiú sóisialta a áirithiú, lena n-áirítear bearta forbartha uirbí. Mar sin féin, ní mór dóibh an toirmeasc ar gach idirdhealú atá bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt agus a chuirtear in iúl go sonrach le Treoir 2000/43, a chomhlíonadh.

Maidir le prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, ar an gcéad dul síos, ní mór a scrúdú an bhfuil na bearta a leagtar síos leis an reachtaíocht atá i gceist iomchuí chun an cuspóir maidir le comhtháthú sóisialta agus lánpháirtiú a chur chun cinn a bhaint amach.

I ndáil leis sin, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a mheas an saothraítear an cuspóir sin ar bhealach comhsheasmhach córasach le glacadh pleananna forbartha atá beartaithe chun fadhbanna socheacnamaíocha a dhéanann difear go háirithe do limistéir chónaithe áirithe a réiteach, cé nach bhfuil feidhm ag an mbeart sin ach amháin maidir le limistéir chlaochlaithe d'eisiamh limistéar leochaileach, ina dtugtar aghaidh ar fhadhbanna socheacnamaíocha comhchosúla ar bhealaí eile atá ceaptha chun comhtháthú sóisialta a áirithiú.

Ar an dara dul síos, chun a chinneadh an bhfuil gá le beart den sórt sin, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach an féidir an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach ar bhealach atá chomh héifeachtach céanna ar bhealaí eile nach bhfuil chomh sriantach céanna ar na cearta agus ar na saoirsí a ráthaítear do na daoine lena mbaineann. Mura bhfuil, beidh uirthi fós scrúdú a dhéanamh an bhfuil na míbhuntáistí a eascraíonn as an mbeart sin díréireach agus an ndéanann sé dochar míchuí do leasanna dlisteanacha cónaitheoirí i limistéir chlaochlaithe, go háirithe maidir lena gceart bunúsach go n-urramófaí an áit chónaithe.